**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*
*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2020/2035(INL)**

20.5.2021

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean
(2020/2035(INL))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéirí: Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)
(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

(Údair an togra: Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi)

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....3

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ DON CHOIMISIÚN MAIDIR LENA BHFUIL SA TOGRA IARRTHA MAIDIR LEIS AN bhFORÉIGEAN INSCNEBHUNAITHE A CHOMHRAC: CIBEARFHORÉIGEAN.....8

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....11

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean**
**(2020/2035(INL))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagal 83(1) agus d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagail 7, 8, 10, 11, 12, 21, 23, 24, 25, 26 agus 47 di,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal 'Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025',

– ag féachaint do theachtaireacht an 24 Meitheamh 2020 ón gCoimisiún dar teideal *'EU Strategy on victims' rights (2020-2025)'* [Straitéis de chuid an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025)](COM(2020)0258),

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,

– ag féachaint don rún uaithi an 21 Eanáir 2021 ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne[1],

– ag féachaint d'fhorálacha ionstraimí dlí na Náisiún Aontaithe i réimse chearta an duine, do na forálacha sin a bhaineann le cearta na mban go háirithe, agus d'ionstraimí eile de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban,

– ag féachaint do rúin an 16 Nollaig 2020 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal "*Intensification of efforts to prevent and eliminate all forms of violence against women and girls*" [Dlús a chur le hiarrachtaí chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní a chosc agus a dhíothú] (A/RES/75/161) agus dar teideal "*The right to privacy in the digital age*" [An ceart ar phríobháideacht sa ré dhigiteach] (A/RES/75/176),

– ag féachaint do rún an 2 Iúil 2018 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal "*Accelerating efforts to eliminate violence against women and girls: preventing and responding to violence against women and girls in digital contexts*" [Dlús a chur le hiarrachtaí an foréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní a dhíothú: foréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní i gcomhthéacsanna digiteacha a chosc agus freagairt air] (A/HRC/38/L.6),

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0025.

– ag féachaint don staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa dar teideal ‘*Combating gender-based violence: Cyber-violence*’ [An foréigean inscnebhunaithe a chomhrac: Cibearfhoréigean] (Measúnú breisluacha Eorpach),

– ag féachaint d’Innéacs Comhionannais Inscne na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint do Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle[2],

– ag féachaint do Rialacha 47 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0000/2021),

A. de bhrí go ndíríonn an chéad chuspóir de Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025 an Aontais ar dheireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe, á rá go bhfuil sé ar na príomhdhúshláin roimh ár sochaithe;

B. de bhrí go bhfuil foréigean in aghaidh na mban, agus cineálacha eile foréigin inscnebhunaithe, forleathan san Aontas agus gur cheart a thuiscint gur idirdhealú den chineál is measa iad; de bhrí go bhfuil fréamha an fhoréigin inscnebhunaithe sa dáileadh éagothrom cumhachta idir mná agus fir, sa ghnéasachas agus i steiréitíopaí inscne, arb iad ceannas ag fir ar mhná agus idirdhealú á dhéanamh ag fir in aghaidh na mban atá mar thoradh orthu;

C. de bhrí go mbíonn leaganacha éagsúla den fhoréigean in aghaidh na mban agus den fhoréigean inscnebhunaithe, nach leaganacha comheisiatacha iad, i láthair agus iad á léiriú ar mhodhanna éagsúla; de bhrí go mbíonn na cineálacha éagsúla foréigin sin idirnasctha go minic agus iad doscartha ón bhforéigean as líne mar go bhféadfaidís a bheith ann rompu, in éineacht leo nó mar leanúint orthu;

D. de bhrí go bhfuil siad seo a leanas ar na cineálacha cibearfhoréigin inscnebhunaithe is coitianta: cibirchiapadh, cibearstalcaireacht, cibearbhulaíocht, trolláil, fuathchaint ar líne, bladhmadh, docsáil agus mí-úsáid ghnéasach bunaithe ar íomhánna; de bhrí go bhfuil reachtaíocht shonrach glactha ag roinnt de na Ballstáit nach mbaineann ach le cineálacha ar leith díobh;

E. de bhrí nach féidir measúnú cruinn a dhéanamh ar a leitheadúla atá feiniméan an chibearfhoréigin inscnebhunaithe, ainneoin breis feasachta air, mar nach mbailítear sonraí ar bhonn uileghabhálach agus mar nach bhfuil na sonraí is déanaí le fáil agus mar

[2] IO L 315, 14.11.2012, lch. 57.

go ndéantar tearcthuairisciú ar chásanna cibearfhoréigin inscnebhunaithe; de bhrí go meastar ón measúnú breisluacha Eorpaigh maidir le cibearfhoréigean inscnebhunaithe, gur fhulaing idir 4% agus 7% de na mná san Aontas cibirchiapadh le 12 mhí anuas, agus gur fhulaing idir 1% agus 3% díobh cibearstalcaireacht sa tréimhse chéanna;

F. de bhrí gur féidir an cibearfhoréigean a bheith spriocdhírithe ar mhná ar bhonn indibhidiúil nó mar bhaill de phobail ar leith; de bhrí go bhfuil cineálacha den idirdhealú trasnach ann a d'fhéadfadh iarmhairtí an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a dhéanamh níos measa;

G. de bhrí go bhfuil mná ann, amhail polaiteoirí, mná a bhfuil poist i mbéal an phobail acu, iriseoirí, blagálaithe agus cosantóirí chearta an duine a mbíonn tionchar ar leith ag an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe orthu, agus de bhrí nach díobháil agus fulaingt shíceolaíoch amháin atá mar thoradh air ach go ndíspreagtar iad ó rannpháirtíocht dhigiteach sa saol polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha;

H. de bhrí go dtéann cibearfhoréigean inscnebhunaithe i bhfeidhm ar an tsláinte mheabhrach, ar lánfheidhmiú na gceart bunúsach agus fiú ar an daonlathas, de bhrí go mbíonn an tsochaí thíos leis, cúrsaí geilleagair san áireamh;

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an cibearfhoréigean inscnebhunaithe ina leanúntas den fhoréigean inscnebhunaithe as líne, agus nach mbeidh toradh ar aon rogha polasaí nach gcuireann an réaltacht sin san áireamh;

2. á chur in iúl gur geal léi Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025 an Aontais a bheith curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún mar uirlis chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus dul i ngleic le bunchúiseanna an fhoréigin sin;

3. á chur i bhfáth gur mhéadaigh ar riosca an fhoréigin teaghlaigh agus na drochúsáide de bharr phaindéim COVID-19 tharla go mbíonn ar íospartaigh a thuilleadh ama a chaitheamh i gcuideachta dhéantóirí na gcionta sin, agus mar go mbíonn siad níos leithlisithe ó líonraí tacaíochta; á iarraidh ar na Ballstáit cuidiú breise a thairiscint trí bhíthin scáthlán, línte cabhrach agus seirbhísí tacaíochta chun íospartaigh a chosaint agus tuairisciú an fhoréigin inscnebhunaithe a éascú;

4. á chur i bhfios go láidir gur rud trasnáisiúnta é an cibearfhoréigean inscnebhunaithe nuair a chuirtear gné trasteorann úsáid TFC san áireamh;

5. á iarraidh ar na Ballstáit múscailt feasachta a chur chun cinn, dlíthe ceartais choiriúil náisiúnta a chur chun feidhme mar aon le beartais agus cláir shonracha chun an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a chosc, agus a bheith ag comhrac chun a áirithiú nach rachaidh déantóirí gníomhartha den sórt sin saor ó phionós;

6. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit córas iontaofa a bhunú chun sonraí staidrimh imdhealaithe agus sonraí inchomparáide maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear cibearfhoréigean, a bhailiú go rialta;

7. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh drochthionchar ar an tsláinte mheabhrach a bheith acu seo a leanas arb é cibearfhoréigean is cúis leo, *inter alia* strus, fadhbanna aird a

dhíriú, buairt, taomanna scaoill, easpa féinmheasa, ísle brí, neamhord strus iarthrámach, easpa muiníne agus braistint nach bhfuil na mothúcháin faoi smacht;

8. á chur i bhfios go láidir go mbíonn iarmhairtí síceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha ann de bharr cibearfhoréigin inscnebhunaithe

9. á iarraidh ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar mhná a bhaineann le grúpaí ar leochaileach a gcás i ndáil leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe agus seirbhísí tacaíochta agus cláir oideachais shonracha a fhorbairt a thiomnófar do na sainghrúpaí sin;

10. á chur in iúl gur saoth léi go laghdaítear rannpháirtíocht na mban sa díospóireacht phoiblí de bharr cibearfhoréigin inscnebhunaithe, rud a chreimeann prionsabail daonlathais an Aontais; á chur in iúl gurb oth léi gur ar ghníomhaithe, iriseoirí agus polaiteoirí ar mná iad a dhírítear é chun iad ‘a chiúnú’, d’fhonn rannpháirtíocht na mban sa saol polaitiúil agus sna sféir chinnteoireachta a dhíspreagadh;

11. á mheabhrú gur steiréitíopaí inscne atá i gcroílár an idirdhealaithe ar bhonn gnéis agus go bhfuil siad ar na príomhbhacainní ar iontráil na mban agus na gcailíní sa réimse Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus sa réimse digiteach; á chur i bhfáth go bhfuil sé riachtanach dul i ngleic leis an mbearna inscne san earnáil TFC tríd an oideachas, le feachtais múscailte feasachta agus trí ionadaíocht na mban san earnáil a chur chun cinn;

12. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé riachtanach íospartaigh an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a chosaint, tacaíocht a thabhairt dóibh agus a áirithiú go bhfaighidh siad cúiteamh;

13. á mheabhrú go bhfuil an Chomhairle chun daingniú an Aontais ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (“Coinbhinsiún Iostanbúl”) a thabhairt i gcrích go práinneach, ar bhonn aontachas ginearálta gan aon teorainneacha, agus chun cur ar son a dhaingniú, a chur chun feidhme go tapa agus go hiomchuí, agus a chur á fhorfheidhmiú ag na Ballstáit uile; á chur i bhfios go láidir gurb é Coinbhinsiún Iostanbúl an conradh idirnáisiúnta is uileghabhálaí a thugann aghaidh ar bhunchúiseanna an fhoréigin inscnebhunaithe den uile chineál; á thabhairt chun suntais nach mbaineann an iarraidh seo ón iarraidh chun gníomh dlíthiúil Aontais a ghlacadh maidir le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, ach a mhalairt, gur á comhlánú atá sí;

14. á athdhearbhú go láidir amhail a rinne sí cheana, go bhfuil sí tiomanta dul i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe agus don riachtanas treoir uileghabhálach a chur ar fáil faoina gcumhdófar gach cineál foréigin inscnebhunaithe, agus gurb é sin an bealach is fearr chun deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe;

15. á iarraidh ar an gComhairle an clásal *passerelle* a ghníomhú trí chinneadh a ghlacadh lena ndéanfar foréigean inscnebhunaithe a shainaithint ina réimse coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné trasteorann ag baint leis de bhun Airteagal 83(1), fomhír a trí, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

16. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún, i ndáil le hAirteagal 83(1), fomhír a haon,

CFAE, togra a thíolacadh gan mhoill mhíchuí maidir le gníomh lena mbunófar bearta chun an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a chomhrac ar bhonn na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo; á cur in iúl nár cheart baint, leis an togra seo, ó na hiarrachtaí an foréigean inscnebhunaithe a shainaithint ina réimse nua coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné trasteorann ag baint leis de bhun Airteagal 83(1), fomhír a trí, CFAE nó de bhun aon ghníomhartha reachtacha díorthaíocha i ndáil leis an bhforéigean inscnebhunaithe amhail a d'iarr an Pharlaimint ina cuid iarrataí go dtí seo;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ DON CHOIMISIÚN MAIDIR LENA BHFUIL SA TOGRA IARRTHA MAIDIR LEIS AN bhFORÉIGEAN INSCNEBHUNAITHE A CHOMHRAC: CIBEARFHORÉIGEAN**

***Moladh 1 maidir le cuspóir na treorach a bheidh le glacadh***

Ba cheart gurbh é cuspóir na treorach rialacha íosta a bhunú maidir le coir an fhoréigin inscnebhunaithe a shainmhíniú agus maidir le bearta sriantacha gaolmhara, bearta a bhunú chun gníomhú na mBallstát a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó i ndáil leis an gcoir sin a chosc agus bearta chun na híospartaigh a chosaint, tacaíocht a thabhairt dóibh agus cúiteamh a áirithiú dóibh.

***Moladh 2 maidir leis an raon feidhme agus na sainmhínithe***

**- cé na coireanna atá i gceist?**

Mar go bhfuil an téarma "coireacht ríomhairí" in Airteagal 83(1) CFAE d'fhéadfadh coireanna a dhéantar in aghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí nó córas faisnéise nó a dhéantar trína n-úsáid a bheith á gcumhdach freisin, agus d'fhéadfadh cineálacha tromchúiseacha foréigin inscnebhunaithe ar líne a mbaineann gné trasteorann leo teacht faoi raon feidhme "coireacht ríomhairí" de réir bhrí Airteagal 83(1) CFAE.

D'fhéadfaí bearta seachas sin a bhfuil d'aidhm leo an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a chosc agus cuidiú le híospartaigh a bhunú ar bhonn Airteagal 83(1) CFAE mar go bhfuil siad riachtanach do phríomhchuspóir na treorach.

Ba cheart a chumhdach faoin raon feidhme aon chineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh mná mar gur bean í nó a dhéanann difear díréireach do mhná, a rinneadh go páirteach nó go hiomlán le húsáid TFC nó le cuidiú TFC nó a ndearnadh níos measa le TFC amhail fóin phóca agus fóin chliste, an t-idirlíon, ardáin meán sóisialta nó an ríomhphost.

Cé nach bhfuil sé indéanta liosta cuimsitheach de na cineálacha éagsúla cibearfhoréigin inscnebhunaithe a thabhairt mar go mbíonn sé ag athrú de shíor agus leaganacha nua ag teacht chun cinn, ba cheart na cineálacha seo a leanas a lua agus a shainmhíniú:

- c**ibirchiapadh (**lena n-áirítear: cibearbhulaíocht, ábhar graosta á fháil gan iarraidh, bulaíocht homafóbach);
- **cibearstalcaireacht**:
- **sáruithe príobháideachta a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide** (lena n-áirítear rochtain ar shonraí nó íomhánna príobháideacha, iad á gcomhroinnt nó á mí-ionramháil, lena n-áirítear rochtain ar dhlúthshonraí nó iad á gcomhroinnt nó á mí-ionramháil gan chead, drochúsáid ghnéasach bunaithe ar íomhánna agus nochtadh neamhthoiliúil íomhánna gnéasacha, docsáil, goid chéannachta);
- **cianrialú nó faireachán** (lena n-áirítear trí aipeanna spiaireachta ar ghléasanna móibíleacha);
- **bagairtí** (lena n-áirítear bagairtí díreacha agus bagairtí foréigin, sracadh, comhéigean gnéis, dúmhál;
- **fuathchaint ghnéasaíoch** (lena n-áirítear: ábhar foréigneach a phostáil nó a chomhroinnt,

tráchtanna agus maslaí gnéasaíocha nó inscneacha a úsáid, mná a mhaslú as a dtuairimí féin a nochtadh agus as diúltú do chaidreamh collaí);
- **féinmharú nó anoireicse a ionduchtú agus gortú síceach a sheoladh**;
- **damáiste le ríomhaire** do chomhaid, cláir ríomhaireachta, feistí, ionsaithe ar shuíomhanna gréasáin agus ar chainéil chumarsáide dhigiteacha eile;
- **rochtain mhídhleathach** ar theachtaireachtaí móibíleacha, ríomhphoist, ar theachtaireachtaí meandracha nó ar chuntais meán sóisialta;
- **sárú na dtoirmeasc ar chumarsáid** arna bhforchur trí bhíthin orduithe breithiúnacha,
- **foréigean díreach.**

**- cé na híospartaigh?**

Ba cheart, faoi raon feidhme pearsanta an togra, íospartaigh uile an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a chumhdach, le haitheantas sonrach do leaganacha trasnacha den idirdhealú agus d'íospartaigh atá rannpháirteach sa saol poiblí.

***Moladh 3 maidir le bearta coisctheacha***

Ba cheart do na Ballstáit sraith beart a chur chun feidhme chun an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a chosc:

- cláir múscailte feasachta agus oideachasúla a mbeidh na gníomhaithe agus na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach iontu chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an chibearfhoréigin inscnebhunaithe, laistigh de chomhthéacs ginearálta an chibearfhoréigin inscnebhunaithe, chun athruithe ar dhearcthaí sóisialta agus cultúrtha a thabhairt i gcrích agus deireadh a chur le steiréitíopaí inscne, agus ag an am céanna iompar freagrach i ndáil leis na meáin shóisialta a chur chun cinn agus cur leis an litearthacht maidir le húsáid shábháilte an idirlín;
- taighde ar an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe (cúiseanna, leitheadúlacht, tionchar);
- oideachas, litearthacht agus scileanna digiteacha, lena n-áirítear sna curaclaim scoile, chun tuiscint fheabhsaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn agus úsáideoirí a chumhachtú, an cuimsiú digiteach a fheabhsú, a áirithiú go ndéantar cearta bunúsacha a urramú, deireadh a chur le haon neamhionannas inscne i ndáil le rochtain ar theicneolaíochtaí agus an ilchineálacht inscneach in earnáil na teicneolaíochta a áirithiú, i bhforbairt teicneolaíochtaí nua go háirithe;
- comhar a fhorbairt i measc na mBallstát chun críche faisnéis, saineolas agus dea-chleachtais a mhalartú, tríd an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUPCN) go háirithe;
- tacaíocht d'eagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn i réimse an fhoréigin inscnebhunaithe,
- oiliúint dhírithe le haghaidh cleachtóirí agus gairmithe eile a chur chun cinn, lena n-áirítear sna seirbhísí sóisialta agus i ngníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí;
- comhar ildhisciplíneach agus le geallsealbhóirí, lena n-áirítear le cuideachtaí teicneolaíochta, soláthróirí seirbhísí óstála agus údaráis inniúla, i ndáil le dea-chleachtais chun dul i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe i gcomhréir le cearta bunúsacha.

***Moladh 4 i ndáil le híospartaigh a chosaint, agus tacaíocht agus cúiteamh d'íospartaigh***

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh, é uile dírithe ar na híospartaigh agus cur chuige trasnach ag baint leis:

- sainoiliúint do chleachtóirí agus gairmithe a phléann le híospartaigh an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, foireann shóisialta agus foireann chúraim leanaí agus sláinte, agus breithiúna; d'fhéadfaí cláir oiliúna uile-Aontais a chur chun feidhme faoi chuimsiú an chláir um Cheartas agus an chláir Cearta agus Luachanna; ba cheart béim ar chur ar an íospairt thánaisteach, ach go háirithe, agus mar ar féidir í a sheachaint, ar ghné dhéach an fhoréigin inscnebhunaithe (ar líne/as líne) agus ar an idirdhealú trasnach;
- an rochtain ar fhaisnéis a éascú agus seirbhísí sonracha (línte cabhrach, scáthláin) a fhorbairt d'íospartaigh an chibearfhoréigin;
- tuarascálacha ó íospartaigh a éascú, a chur ar a gcumas orduithe cosanta a fháil, agus sásraí sásaimh a fhorbairt a mbeidh bearta cúitimh leordhóthanacha ag gabháil leo;
- sásraí comhair idir gníomhaithe ábhartha a fhorbairt, amhail an bhreithiúnacht, ionchúisitheoirí poiblí, gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ESSanna.

***Moladh 5 maidir le cibearfhoréigean inscnebhunaithe a ionchúiseamh agus a choiriúlú***

Bunaithe ar an sainmhíniú dá dtagraítear i Moladh 1, ba cheart na critéir seo a leanas a chur san áireamh i ndáil le coiriúlú an chibearfhoréigin inscnebhunaithe:

- na foirmeacha cibearfhoréigin inscnebhunaithe a bheidh le coiriúlú ag na Ballstáit (lena gcumhdófar céimeanna níos luaithe sa chibearchoireacht freisin - gríosú, cabhrú, neartú agus iarracht a dhéanamh);
- pionóis íosta agus uasta (téarma príosúin agus fíneálacha);
- imscrúdú agus ionchúiseamh trasteorann;
- imthosca géaraithe, ag brath ar phróifíl na mban agus na gcailíní ar íospartaigh iad (ag teacht i dtír ar líne ar shaintréithe na mban agus na gcailíní, agus a gcuid leochaileachtaí);
- cur chuige a bheidh dírithe ar íospartaigh ar cur chuige trasnach é.

***Moladh 6 maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú***

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit sonraí imdhealaithe agus inchomparáide a bhailiú agus a fhoilsiú i ndáil le cibearfhoréigean inscnebhunaithe, ar na cineálacha éagsúla cibearfhoréigin inscnebhunaithe go háirithe, gan é bunaithe ar thuarascálacha um fhorfheidhmiú an dlí amháin ach ar eispéiris na mban freisin.

Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn rialta ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a mbeidh bearta, faoin treoir atá á moladh, glactha ag Ballstáit.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

## Cúlra an togra agus an réasúnú atá leis

Luíonn fréamha an fhoréigin inscnebhunaithe, bíodh sé as líne nó ar líne, go domhain i neamhionannais struchtúrtha inár sochaí. Tá sé faoi bhrat rúndachta i gcónaí agus é ar cheann de na sáruithe is measa ar chearta an duine. Is rud forleathan i gcónaí é an foréigean inscnebhunaithe agus téann sé i bhfeidhm go mór ar íospartaigh, ar a muintir agus ar a bpobail. Déantar níos measa fós é le laofachtaí inscne, steiréitíopaí agus léiriú leanúnach ar éagothroime an chaidrimh de bharr cúrsaí cumhachta san am atá thart. Aithnítear gné struchtúrtha sin an fhoréigin inscnebhunaithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Is é sin ní aon toisc amháin ach an iliomad tosca -eadhón, tosca cultúrtha, dlíthiúla, geilleagracha agus polaitiúla- a rannchuidíonn le géarú an fhoréigin inscnebhunaithe inár sochaí.

Sa ré dhigiteach atá ann inniu, tá spáis dhigiteacha shóisialta nua á gcruthú go tapa leis an Idirlíon agus TFC, agus claochlú ar an gcaoi a dtagann indibhidí le chéile, a ndéanann siad cumarsáid agus a n-idirghníomhaíonn siad. Tá an foréigean inscnebhunaithe ar líne agus cineálacha a éascaítear le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ag éirí níos coitianta, go háirithe agus ardáin meán sóisialta agus feidhmchláir theicniúla eile in úsáid gach lá agus gach áit. Cineál foréigin inscnebhunaithe atá sa chibearfhoréigean in aghaidh na mban. Le "cibearfhoréigean", cuimsítear cibirchiapadh, cibearstalcaireacht, drochúsáid neamhthoiliúil le híomhánna, fuathchaint ghnéasaíoch, agus cineálacha eile.

Ní cineál nua foréigin é an cibearfhoréigean inscnebhunaithe áfach, ach leanúntas foréigin inscnebhunaithe as líne. Téann sé i bhfeidhm go mór ar chearta agus saoirsí bunúsacha indibhidí, ar a ndínit agus ar a saol ar gach leibhéal, lena n-áirítear a sláinte fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach, a ndea-bhail agus a bhforbairt shóisialta, eacnamaíoch agus ghairmiúil. Mothaíonn íospartaigh leibhéil níos airde imní, struis, ísle brí, tráma, taomanna scaoill, easpa féinmheasa agus easpa cumhachta i ndáil lena gcumas an drochúsáid a fhreagairt. Tá grúpaí ban ann a ndírítear foréigean a éascaítear le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide orthu, lena n-áirítear iad seo a leanas go háirithe: gníomhaithe agus cosantóirí chearta an duine, mná sa pholaitíocht, iriseoirí, blagálaithe, mná ar de mhionlaigh eitneacha iad, mná leispiacha, déghnéasacha agus trasinscneacha, agus mná faoi mhíchumais. Bíonn cur chuige trasnach ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar na cineálacha sonracha idirdhealaithe a dhéanann difear d'íospartaigh an chibearfhoréigin inscnebhunaithe. Is é fírinne an scéil gur minic a dhéantar cinsireacht leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe ar ghuthanna ban agus ar a rannpháirtíocht mar shaoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, agus go sileann an drochmhisneach sin isteach sa saol mar atá freisin.

D'aithin an Pharlaimint a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe agus le foréigean in aghaidh na mban trí bhíthin rúin éagsúla agus d'iarr sí gníomhú dlí agus beartais chun cur i gcoinne an fheiniméin. Léiriú ar an imní sin atá sna tionscnaimh seo a leanas ón bParlaimint:

- ina rún an 12 Meán Fómhair 2017 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus an foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac a bheith á thabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach, chuir an Pharlaimint i bhfáth gur cheart

bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan an fhoréigin inscnebhunaithe ar líne atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bulaíocht, ciapadh agus imeaglú, agus é dírithe go háirithe ar mhná óga agus cailíní agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI).

- ina rún an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na cibearchoireachta, thug an Pharlaimint chun suntais an gá le sainmhínithe dlíthiúla comhchuibhithe comhchoiteanna ar an gcibearchoireacht, lena n-áirítear drochúsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar líne orthu, cibirchiapadh agus cibirionsaithe.
- ina rún an 26 Deireadh Fómhair 2017 maidir le gnéaschiapadh agus drochúsáid ghnéasach san Aontas Eorpach a chomhrac, mheabhraigh Parlaimint na hEorpa go bhfuil gníomh tábhachtach in aghaidh cineálacha foréigin atá ag teacht chun cinn riachtanach, e.g. sa chibearspás, agus thug sí chun suntais maidir le cibirchiapadh na mban ar na meáin shóisialta go háirithe go gcothaíonn sé cineálacha eile foréigin in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní.
- ina rún an 17 Aibreán 2018 maidir le mná agus cailíní a chumhachtú tríd an earnáil dhigiteach, mheabhraigh an Pharlaimint go rannchuidíonn modhanna cumarsáide digiteacha leis an méadú ar an bhfuathchaint agus ar bhagairtí in aghaidh na mban agus nach bhfuil aithint dhlíthiúil fós ar na cineálacha éagsúla cibearfhoréigin in aghaidh na mban. D'iarr an Pharlaimint ar an ábhar sin go méadófaí ar an gcomhordú i measc Bhallstáit an Aontais sa chaoi go gcuirfear i gcoinne coireanna atá á n-éascú ag an teicneolaíocht trasteorann, e.g. gáinneáil ar dhaoine, cibirchiapadh agus cibearstalcaireacht, agus d'iarr sí go ndéanfadh na Ballstáit cineálacha nua cibearfhoréigin a áireamh ina gcuid cód coiriúil,
- an 26 Aibreán 2018, ghlac coiste FEMM dréacht-tuarascáil inar moladh bearta chun bulaíocht homafóbach agus gnéaschiapadh a chomhrac, agus ar líne freisin,
- ina rún an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac,
- ina rún an 21 Eanáir 2021 maidir le Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne, chuir an Pharlaimint in iúl gur gheal léi na bearta a bhí á moladh ag an gCoimisiún chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean (lena n-áirítear ciapadh ar líne, cibearbhulaíocht agus fuathchaint ghnéasaíoch) a dhéanann difear díréireach do mhná agus cailíní, go háirithe gníomhaithe, mná ar polaiteoirí iad agus mná sa saol poiblí a fheictear ag caint go poiblí. Bhí sí ag tathant freisin ar na Ballstáit agus ar an Aontas bearta breise a ghlacadh, lena n-áirítear bearta reachtacha ceangailteacha, chun na cineálacha foréigin sin a chomhrac faoi chuimsiú Treoir maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le huirlisí oiliúna a fhorbairt i ndáil leis na seirbhísí lena mbaineann ag gach céim, ón gcosc agus cosaint go dtí an t-ionchúiseamh, amhail an fórsa póilíneachta agus an córas ceartais, agus earnáil na faisnéise agus na cumarsáide, agus na cearta bunúsacha á gcoimirciú ar líne freisin ag an am céanna,
- ina rún an 21 Eanáir 2021 maidir leis an mbearna dhigiteach inscne a líonadh: rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar digiteach,
- ina rún an 11 Feabhra 2021 maidir le dúshláin amach anseo i ndáil le cearta na mban

san Eoraip: breis is 25 bliana i ndiaidh Dhearbhú Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, d'iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta sonracha a ghlacadh chun an cibearfhoréigean, lena n-áirítear ciapadh ar líne, cibearbhulaíocht agus fuathchaint fhrithbhanda, a dhíothú.

**Bunús dlí**

Is é Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an tionscnaimh reachtaigh seo. Féadfar leis an téarma "coireacht ríomhairí" in Airteagal 83(1) CFAE, coireanna a chumhdach a dhéantar in aghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí nó córas faisnéise nó á n-úsáid. Tá an téarmaíocht ábhartha tar éis forbairt ó Chonradh Liospóin i leith, agus is nós na téarmaí "cibearchoireacht" agus "coireacht ríomhairí" a úsáid go hidirmhalartach anois. D'fhéadfadh cineálacha tromchúiseacha foréigin inscnebhunaithe ar líne a mbaineann gné thrasteorann leo teacht faoi raon feidhme "coireacht ríomhairí" de réir bhrí Airteagal 83(1) CFAE.
D'fhéadfadh Airteagal 84 CFAE a bheith ábhartha freisin maidir leis na codanna den togra a bhfuil d'aidhm leo an méid a dhéanfadh na Ballstáit a chur chun cinn agus tacú leis, bearta chun coireacht a chosc agus bearta chun íospartaigh a chosaint, tacaíocht a thabhairt dóibh agus cúiteamh a áirithiú dóibh. Dá mbreithneofaí maidir leis na bearta coisctheacha atá beartaithe áfach, go raibh siad coimhdeach le coiriúlú an chibearfhoréigin, níor ghá bunús sonrach dlí a chur leo.

**Míniú ar na moltaí atá á moladh**

Sna moltaí a leagtar síos san iarscríbhinn a ghabhann leis an Rún, áirítear na gnéithe seo a leanas: cuspóir na Treorach; an raon feidhme agus na sainmhínithe; na bearta coisctheacha; na híospartaigh a chosaint agus tacaíocht agus cúiteamh dóibh; cibearfhoréigean inscnebhunaithe a ionchúiseamh agus a choiriúlú agus sonraí a bhailiú agus a thuairisciú.
Is é cuspóir na Treorach rialacha íosta a bhunú maidir le sainmhíniú choir an chibearfhoréigin inscnebhunaithe agus maidir le bearta sriantacha gaolmhara, bearta a bhunú chun gníomhú na mBallstát a chur chun cinn maidir leis an gcoir sin a chosc agus tacú leis mar aon le bearta chun na híospartaigh a chosaint, tacaíocht a thabhairt dóibh agus cúiteamh a áirithiú dóibh. Measann comhrapóirtéirí an tionscnaimh seo go bhfuil creat dlí in easnamh ar an Aontas chun an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, agus níos sonraí fós, chun an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a chomhrac, agus chun íospartaigh a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
Mar a luadh sa Rún, tá sainmhínithe éagsúla ann ar an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe ach níl aon sainmhíniú dlí air atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta. Ar an ábhar sin, sa mholadh maidir le raon feidhme agus sainmhínithe fágtar faoin gCoimisiún sainmhíniú sonrach a mholadh a chumhdódh aon chineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh mná mar gur bean í a rinneadh go páirteach nó go hiomlán le húsáid TFC nó le cuidiú TFC nó a ndearnadh níos measa le TFC, nó aon chineál foréigin inscnebhunaithe a dhéanann difear díréireach do mhná. Tá an méid atá á mholadh ansin bunaithe ar an sainmhíniú a bhí in úsáid ag Rapóirtéir Speisialta NA maidir le foréigean in aghaidh na mban, ina tuarascáil ó 2018 i ndáil leis an bhforéigean ar líne.
Tá ceangal idir na bearta coisctheacha atá á moladh agus bunchúiseanna an fhoréigin inscnebhunaithe, cibearfhoréigean san áireamh. Ar an ábhar sin díríonn siad go háirithe ar an oideachas, múscailt feasachta, deireadh a chur le steiréitíopaí inscne agus taighde a chur chun cinn. Éilítear comhar ildisciplíneach agus comhar ó gheallsealbhóirí sna bearta, lena n-áirítear

ó sholáthróirí seirbhísí óstála, comhoibriú le cuideachtaí teicneolaíochta maidir le dea-chleachtais chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe i gcomhréir le cearta bunúsacha.
D'fhonn íospartaigh an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh, luaitear sa togra ar an gcéad dul síos na catagóirí íospartach a bheadh le breithniú. Is é atá ar intinn a bheith chomh huileghabhálach agus is féidir agus an ghné thrasnach agus riachtanais shonracha na n-íospartach á gcur san áireamh. Áirítear bearta éagsúla sa togra ansin chun cosaint na n-íospartach agus an tacaíocht dóibh a chur chun feidhme. Cuirtear béim ar leith ar an ngá leis an tuairisciú a fheabhsú agus a éascú agus íospairt thánaisteach a sheachaint. Fíor-riachtanas chun an sprioc sin a bhaint amach is ea oiliúint a chur ar chleachtóirí dlí agus ar na gairmithe sin a bheidh i dteagmháil leis an híospartaigh.
Chomh maith leis an méid sin tá seirbhísí tacaíochta sonracha a chaithfear a chur chun feidhme nó a mhéadú chun íospartaigh an chibearfhoréigin inscnebhunaithe a chumhdach freisin (línte cabhrach, scáthláin).
Baineann gné eile den tionscnamh reachtach leis an dlí coiriúil agus le cibearfhoréigean inscnebhunaithe a ionchúiseamh. Caithfidh an tAontas a bheith in ann rialacha íosta a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar an cibearfhoréigean inscnebhunaithe a ionchúiseamh. Ní shonraítear na cionta agus na forthromuithe féideartha uile sa mholadh atá san áireamh san iarscríbhinn, óir leis an bhforbairt thapa ar theicneolaíochtaí digiteacha d'fhéadfaí cineálacha nua cibearfhoréigin a ghiniúint. Tugann sé tacar critéar don Choimisiún maidir le sainmhíniú na gcionta sin.
Measann na comhrapóirtéirí mar sin féin go mba cheart na hiompraíochtaí seo a leanas a bhreithniú chun an liosta cionta a chur i gcomhthéacs an chibearfhoréigin inscnebhunaithe:

- **cibirchiapadh (**lena n-áirítear: cibearbhulaíocht, ábhar graosta á fháil gan iarraidh, bulaíocht homafóbach),
- **cibearstalcaireacht:**
- **sáruithe príobháideachta a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide** (lena n-áirítear rochtain ar shonraí nó íomhánna príobháideacha, iad á gcomhroinnt nó á mí-ionramháil, lena n-áirítear rochtain ar dhlúthshonraí nó iad á gcomhroinnt nó á mí-ionramháil gan chead, drochúsáid ghnéasach bunaithe ar íomhánna agus nochtadh neamhthoiliúil íomhánna gnéasacha, docsáil, goid chéannachta),
- **cianrialú nó faireachán** (lena n-áirítear trí aipeanna spiaireachta ar ghléasanna móibíleacha),
- **bagairtí** (lena n-áirítear bagairtí díreacha agus bagairtí foréigin, sracadh, comhéigean gnéis, dúmhál),
- **fuathchaint ghnéasaíoch** (lena n-áirítear: ábhar foréigneach a phostáil nó a chomhroinnt, tráchtanna agus maslaí gnéasaíocha agus/nó inscneacha a úsáid, mná a mhaslú as a dtuairimí féin a nochtadh agus as diúltú do chaidreamh collaí),
- **féinmharú** nó anoireicse a ionduchtú agus gortú síceach a sheoladh,
- **damáiste le ríomhaire** do chomhaid, cláir ríomhaireachta, feistí, ionsaithe ar shuíomhanna gréasáin agus ar chainéil chumarsáide dhigiteacha eile,
- **rochtain mhídhleathach** ar theachtaireachtaí móibíleacha, ríomhphoist, ar theachtaireachtaí meandracha nó ar chuntais meán sóisialta,

- sárú na dtoirmeasc ar chumarsáid a glacadh le rún breithiúnach,
- **foréigean díreach**.

Mar fhocal scoir, cuireann an togra i bhfios go láidir an gá le straitéis shoiléir maidir le sonraí imdhealaithe agus inchomparáide a bheith á mbailiú agus á dtuairisciú ó na húdaráis lena mbaineann. Más mian leis an Aontas Eorpach go mbeadh creat iomchuí aige chun an foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear cibearfhoréigean, nó foréigean in aghaidh na mban i gcoitinne, a chomhrac, caithfidh sé a bheith in ann sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú i ndáil leis na cineálacha éagsúla cibearfhoréigin inscnebhunaithe. Chomh maith leis na sonraí a dhéanfaidh na Ballstáit a thíolacadh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme na Treorach lena n-áirítear bearta féideartha/leasuithe chun í a fheabhsú.

**Conclúid**

Bíonn dúshláin shochaíocha éagsúla ann i gcónaí a threisíonn an foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear cibearfhoréigean, amhail a chonacthas le deireanas le linn na géarchéime a bhain le ráig Covid-19, agus tá an toil pholaitiúil in easnamh chun tosaíocht a dhéanamh de. Chun comhionannas inscne a bhaint amach caithfear na cineálacha foréigin inscnebhunaithe uile a dhíothú agus bacainní a bhaint a choisceann ar mhná a gcearta a fheidhmiú go huile. Tá raon leathan cur chuige trína bpléitear leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe sna Ballstáit. Chomh maith le heaspa maidir le sainmhíniú comhchuibhithe agus cur chuige comhchoiteann, tá fadhbanna agus dúshláin eile ann lena n-áirítear: tearcthuairisciú, feasacht an phobail agus forfheidhmiú an dlí a bheith teoranta, easpa tacaíochta d'íospartaigh, agus taighde agus eolas teoranta ar an bhfeiniméan. Dá réir sin, chun fuinneamh úr a chur i ndíothú an fhoréigin inscnebhunaithe, as líne agus ar líne araon, caithfimid a bheith toilteanach cúiseanna foluiteacha an fhoréigin inscnebhunaithe, na córais lenar éascaíodh é agus na tosca a ghéaraíonn air a scrúdú. Bíonn na bunchúiseanna céanna leis an uile chineál foréigin inscnebhunaithe agus sin an fáth a bhfuil dlíthe agus beartais ag teastáil a thabharfaidh aghaidh orthu ar bhonn iomlánaíoch. Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an conradh idirnáisiúnta is uileghabhálaí ar creat dlíthiúil é chun mná agus cailíní a chosaint ar gach cineál foréigin agus chun an foréigean ina n-aghaidh a chosc, a ionchúiseamh agus a dhíothú. Cé go bhfuil daingniú an Choinbhinsiúin bactha fós sa Chomhairle, níor cheart don Aontas Eorpach moill a dhéanamh, mar bíonn íospartaigh nua an fhoréigin inscnebhunaithe ann gach lá. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh reachtach atá á mholadh aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan sin. Is cur chuige iomlánaíoch a úsáidtear ann chun iompraíochtaí áirithe a choiriúlú, ach chun tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh na n-iompraíochtaí sin freisin.